POBALSCOIL CHORCA DHUIBHNE

20 Lúnasa 2020

A chairde,

Tá súil agam go bhfuil sibh go maith. Tá roinnt mhaith dul chun cinn déanta againn ó thaobh athoscailt na scoile de. Tá roinnt mhaith eolais thíos chun sibh a choimeád ar an eolas. Mar a luamar cheana, teastaíonn uainn go mbeadh scoil slán sábháilte againn agus nach gcuirfidh na coráis nua isteach ar ghnáthatmaisféar taitneamhach na scoile.

Chun leathadh Covid 19 a laghdú caithfear díriú ar an gceithre phríomh-ghníomh thíos:

- Sláinteachas Lámh
- Scaradh Sóisialta
- Sláinteachas Riospráide
- Sláinteachas Timpeallachta

<u>Tá na rudaí seo a leanas déanta / á ndéanamh againn sa Phobalscoil chun na nithe sin a chur i bhfeidhm</u>:

- Báisín níocháin curtha sna pasáistí
- Dáileoirí Díghalráin curtha i ngach seomra ranga agus sna pasáistí.
- Seomraí ranga eagraithe chun scaradh sóisialta ar a laghad 1m a chur i bhfeidhm.
- Loicéirí curtha sna seomraí ranga.
- Troscáin sa bhreis sna pasáistí i gcomhair am sosa.
- Postaeirí agus comharthaí feasachta crochta.
- Oiliúint Ionduchtaithe á dhéanamh ag gach ball foirne.
- Seit Chromebooks ceannaithe chun brú ar an teicneolaíocht a laghdú.
- Masc & Cealtair Aghaidhe á gcur ar fáil do gach dalta agus gach ball foirne.

<u>Coráis nua a bheidh i bhfeidhm:</u>

- Slí isteach agus amach ar leith do gach bliainghrúpa.
- Lámha le ní le uisce te agus gallúnach ar theacht ar scoil agus go rialta i rith an lae.
- Lámha le díghalrú go minic i rith an lae <u>chomh maith</u> leis an ní agus ní in áit an ní.
- Masc / cealtair aghaidhe le caitheamh.
- Beidh gach bliainghrúpa lonnaithe ina láthair féin sa scoil.
- Príomh-sheomra ranga ag gach rang.
- Amanta sosa difriúla ag roinnt grúpaí.

- Áit ar leith do gach bliainghrúpa ag amanta sosa.
- Leithreas ar leith ag gach bliainghrúpa.
- Glanadh sa bhreis ag tarlú i rith an lae.
- Aonaid leithlise ar fáil i gcás Covid 19 a theacht chun cinn sa scoil i rith an lae.
- Ceaintín gan a bheith ar fáil do mhí Mheán Fómhair. Athbhreithniú air seo ag deireadh na míosa sin.
- Mascanna/clúdach aghaidhe a chaitheamh ar na busanna. Moltar leis go suífidís le duine óna dteaghlach fhéin má bhaineann sin, nó murach sin duine óna rang fhéin.

Tuigimid go maith go bhfuil ana-chuid eolais á roinnt againn libh ach níl aon dul as mar tá sé tábhachtach go mbeadh daoine ar an eolas. Táimid buíoch i gcónaí as an gcomhoibriú leanúnach ó thuismitheoirí agus daltaí na Pobalscoile. Táimid ag iarraidh oraibh, idir dhaltaí agus thuismitheoirí araon, an chomhairle seo a leanúint chun sláinte agus sábháilteacht phobal uile na scoile a chinntiú agus seasamh go láidir le chéile i gcoinne an víris.

**Tuismitheoirí / Caomhnóirí**

Moltar ceann a thógaint go cúramach gach maidin do shláinte do linbh/leanaí agus a chinntiú nach bhfuil aon cheann de na comharthaí seo a leanas orthu:

- Teocht Ard (Molaimid teocht do linbh a thógaint gach maidin)
- Casachtach
- Gearranáil
- Boladh nó blas a bheith caillte nó blas a bheith as riocht

- Má tá ceann dos na comharthaí seo ar do leanbh nó má tá sé/sí aitheanta mar theagmhálaí Covid 19, caithfear iad a choimeád ag a baile agus teagmháil a dhéanamh leis an ndochtúir.
- Beimid ag súil mar is gnáth go mbeidh an éide scoile á caitheamh i gceart ina hiomláine ach amháin an lá go bhfuil corpoideachas ag do leanbh.
- Is féidir tracksuit le éadaí spóirt faoina bhun a chaitheamh an lá ar fad an lá go bhfuil Corpoideachas ag an ndalta.
- Moltar an éide scoile a ní ar a laghad dhá uair in aghaidh na seachtaine, ag an deireadh seachtaine agus an lá go bhfuil Corpoideachas acu.
- Nigh aon mhasc athúsáidte gach tráthnóna ag teocht 60 céim.
- Cuir comhairle ar do leanbh chun a chinntiú nach bhfuil aon teagmháil fisiciúil ar siúl acu le daltaí eile nó baill foirne, ag croitheadh lámh le daoine, ag tabhairt barróga srl.
- Beidh socrú srianta ann do chuairteoirí riachtanacha ar nós conraitheoirí agus tuismitheoirí sa mhéid nach gceadaítear cuairteanna ach chun críche cuspóirí fíor-riachtanacha agus dóibh siúd amháin a fuair cead roimh ré ón bpríomhoide. Is féidir coinne a lorg trí ríomhphost a sheoladh go dtí oifig@pcd07.ie.

- Tar éis coinne a bheith socruithe, is féidir leis an tuismitheoir/caomhnóir teacht go dtí oifig na scoile. Beidh orthu masc/scáthlán a chaitheamh má thagann siad isteach sa scoil i rith am scoile.
- Beidh ar gach tuismitheoir/caomhnóir Loga Rianú Teagmhála a líonadh nuair a thagann siad.

**<u>Daltaí</u>**

**Ar an gcéad lá thar n-ais téigh díreach go dtí halla spóirt na scoile ag cleachtadh scaradh sóisialta ar an slí agus istigh sa halla. Míneofar na socruithe nua ar fad daoibh ansin.**
**Táimid ag súil go mór le fáilte mhór a chur romhaibh thar n-ais ar scoil tar éis sos a bhí rófhada. Bhraitheamar uainn sibh. Tá an foirgneamh róchiúin agus táimid ag súil bhur ngleo agus fuinneamh a bhraith timpeall na háite arís.**

**<u>Nóta Rí-Thábhachtach - Aip na Scoile</u>**

Tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfuil teacht ar Aip na scoile i ngach teaghlach. Beidh an t-eolas scoile ar fad á roinnt, íocaíochtaí ar fad á bpróiseáil agus go leor don ngnó scoile á dhéanamh tríd an aip nuair a oscaíltear an scoil. Mar chuid de sin tá bileog eolais faoi iamh ar an gcóras nua síniú isteach agus amach a bheidh i bhfeidhm againn. Ní bheimid ag glacadh leis na nótaí ón dialann a thuilleadh.

Tuigimid go bhfuilimid ag lorg ana-chuid ó phobal na scoile ar fad. Is ar mhaithe linn ar fad é, áfach, agus ciallóidh sé go mbeidh ar ár gcumas an scoil a choimeád oscailte chomh hiomlán agus chomh fada agus is féidir, le cúnamh Dé. Beidh an scoil difriúil. Beidh orainn teacht ar chomhréitigh. Raghaimid i dtaithí air. Beimid i gcónaí ag iarraidh a chinntiú go mbeidh oideachas iomlán á chur ar fáil againn dár ndaltaí ar fad. Raghaimid i ngleic le gach dúshlán i slí dearfach agus ciallmhar agus éireoidh linn má bhímid solúbtha inár gcuid smaointeoireachta agus ag comhoibriú le chéile.

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris
Príomhoide